


beatha
le
bua
Martin Luther King

beatha
le bua



Pictiúr Clúdaigh © Popperfoto/Getty Images.

Pictiúir le © Getty Images.

Arna tháirgeadh agus arna fhoilsiú ag CCEA.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den leabhar seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA.

Rewarding Learning

beatha le bua

# MARTIN LUTHER KING




# MARTIN LUTHER KING

## Intreoir

Fuair Martin Luther King bás ar 4ú Aibreán 1968 in Memphis sna Stáit Aontaithe. Feallmharaíodh é. Ní fios go cinnte cé a rinne é ach is cinnte gur feallmharaíodh é mar gheall ar an troid a rinne sé ar son daoine gorma sna Stáit Aontaithe. Ní raibh cearta sibhialta ag na daoine gorma mar a bhí ag na daoine geala. Ní raibh riamh cearta sibhialta acu ó bhí siad ina sclábhaithe leis na céadta bliain roimhe. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda bhí na daoine gorma iontach míshásta leis an staid seo agus chuir siad eagraíochtaí éagsúla ar bun le cearta sibhialta a lorg. Bhí Martin Luther King ar na daoine a tháinig chun tosaigh ansin agus a tharraing aird an domhain air féin as an troid a rinne sé le cearta sibhialta a bhaint amach do dhaoine gorma. Ach fuair sé bás ar son na cúise sin.

# MARTIN LUTHER KING




© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES

# MARTIN LUTHER KING

## Cúlra

Rugadh Martin Luther King ar 15ú Eanáir 1929 in Atlanta, Georgia. Bhí deartháir amháin agus deirfiúr amháin aige. Ministir Baisteach a bhí ina athair. Bhí an reiligiún mar rud lárnach ina saol mar sin de. Ní raibh siad beo bocht, áfach, mar a bhí an chuid is mó de na daoine gorma eile. Chuaigh sé ar scoil agus léirigh sé go raibh sé iontach cliste. Thosaigh sé ar Morehouse College nuair nach raibh sé ach 15 bliana d'aois – dhá bhliain luath. Bhain sé céim amach sa tsocheolaíocht in 1948. Rinne sé cúrsa eile ansin agus bhain sé céim sa diagacht amach i 1951. Phós sé Coretta Scott in 1953 nuair a bhí sé 25 bliain d'aois. Bhí ceathrar páistí acu sna blianta a lean sin. Sa bhliain 1955 rinneadh ministir de ar eaglais Bhaisteach in Montgomery, Alabama.

# MARTIN LUTHER KING




© GETTY IMAGES

# MARTIN LUTHER KING

## An chéad fheachtas

Is in Montgomery is mó a chonaic King drochstaid na ndaoine gorma, gan cearta sibhialta ná daonna acu. Ní raibh cead acu dul chuig áiteanna áirithe ná dul ar an scoil chéanna le daoine geala. Bhí na poist is measa agus an pá is ísle acu. Ní raibh obair ar bith ag cuid mhór acu. De réir a chéile chinn sé go mbeadh air rud éigin a dhéanamh faoi seo uilig. Cinedheighilt a bhí ann ar go leor dóigheanna, go díreach mar a bhí san Afraic Theas. Nuair a dhiúltaigh bean óg ghorm, Rosa Parks, a suíochán ar bhus a thabhairt do dhuine geal, gabhadh í. Chuir sin tús le feachtas in éadan na deighilte in Montgomery agus bhí King ina cheannaire ar an fheachtas. D’eagraigh sé baghcat ar chomhlacht na mbusanna a mhair bliain. Ach chonaic sé go gasta cé chomh deacair a bheadh sé agus cé chomh contúirteach a bheadh sé fosta. Caitheadh buama lena theach ag pointe amháin.

# MARTIN LUTHER KING



© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES

# MARTIN LUTHER KING

Tugadh an cás os comhair na cúirte sa deireadh agus bhain na daoine gorma. Cuireadh deireadh leis an deighilt in Montgomery.

## An dearcadh a bhí aige

Cé go raibh a fhios aige go raibh troid le déanamh le cearta sibhialta a bhaint amach do dhaoine gorma, bhí King go mór in éadan foréigean a úsáid. Spreag an baghcat go mór é, is é sin go dtiocfadh le daoine a gcearta a bhaint amach gan foréigean a úsáid. Chreid sé go mór sa tsíocháin. Ba é saol agus cur chuige Mohandas Gandhi san India a bhí ina inspioráid aige fosta. Bhain Gandhi úsáid as modhanna síochánta le troid a dhéanamh in éadan na Sasanach a bhí i réim san India. Shíl King go dtiocfadh leis na modhanna céanna a úsáid sna Stáit Aontaithe. Bhunaigh sé an eagraíocht *Southern Christian Leadership Conference (SCLC)* le cearta sibhialta a bhaint amach

# MARTIN LUTHER KING



© MICHAEL OCHS ARCHIVES/GETTY IMAGES

do dhaoine gorma. Is tríd an SCLC a reáchtáil sé na feachtais éagsúla. Mórshiúlta den chuid is mó a rinne siad. D'oibrigh an cur chuige seo go maith nó tharraing sé aird ar an drochstaid ina raibh na daoine gorma. Rinne na póilíní ionsaí go minic ar na siúlóirí agus is minic a chríochnaigh na mórshiúlta le foréigean, go háirithe in Albany agus Birmingham. Ach d'éirigh go maith leis na feachtais agus de réir a chéile cuireadh deireadh le dlíthe neamhchothroma in éadan daoine gorma.

Ar 28ú Lúnasa 1963 d'eagraigh sé mórshiúl go Washington i dtuaisceart na Stát Aontaithe le drochstaid na ndaoine gorma a léiriú ansin. Bhí thart faoi 250,000 duine ar an mhórshiúl agus d'éirigh go geal leis. Is ansin a thug sé óráid iontach ina raibh na focail chlúiteacha sin 'Tá aisling agam'. Bhí staid na ndaoine gorma i gcroílár na polaitíochta sna Stáit Aontaithe

# MARTIN LUTHER KING




© AFP7GETTY IMAGES

anois den chéad uair. As seo a tháinig Acht na gCeart Sibhialta in 1964. Bhain sé úsáid as an mhodh chéanna arís in 1968 nuair a shiúil milliún duine go Washington arís. Cearta eacnamaíochta den chuid is mó a bhí i gceist an t-am sin.

## Feallmharú

Cé gur éirigh go maith leis na feachtais éagsúla a d'eagraigh sé thar na blianta, bhí go leor naimhde aige agus go leor daoine nach raibh sásta leis, go háirithe daoine geala i ndeisceart na Stát Aontaithe. Bhí Martin Luther King iontach conspóideach. Bhí na nuachtáin go mór ina éadan agus bhí an FBI i gcónaí á lorg agus á fhiosrú. Bhí teannas bocht i ndeisceart na Stát Aontaithe. Ar 4ú Aibreán 1968 bhí sé ag stopadh in óstán in Memphis. Bhí sé le hóráid a thabhairt an oíche sin. Ar a 6.00 an tráthnóna sin bhí sé

# MARTIN LUTHER KING



© GETTY IMAGES

# MARTIN LUTHER KING

ina sheasamh taobh amuigh dá sheomra nuair a scaoileadh sa chloigeann é. Fuair sé bás tamall ina dhiaidh. Bhí an fear gorm ba chlúití agus ba chonspóidí sna Stáit Aontaithe marbh.

Baineadh geit mhór as daoine nuair a chuala siad go raibh Martin Luther King marbh. Bhí círéibeacha ar fud na Stát Aontaithe a mhair fada go leor. Shíl cuid mhór daoine go ndearna an FBI an feallmharú. Gabhadh agus cúisíodh fear darbh ainm James Earl Ray as King a mharú agus fuarthas ciontach é. Blianta ina dhiaidh sin, bhréagnaigh sé go raibh páirt ar bith aige ann agus dúirt gur baineadh úsáid as mar cheap milleáin.

# MARTIN LUTHER KING






© TIME & LIFE PICTURES/GETTY IMAGES

# MARTIN LUTHER KING


## Ómós

Bhí Martin Luther King ina inspioráid mhór ag cuid mhaith daoine lena linn agus sna blianta ó shin. Spreag sé go mór daoine ar mhaith leo modhanna síochánta a úsáid lena gcearta a bhaint amach, fiú in Éirinn féin. Is iomaí gradam a fuair sé nuair a bhí sé beo agus go leor eile i ndiaidh a bháis. Bhain sé Duais Nobel na Síochána sa bhliain 1965. Bronnadh níos mó ná 50 céim oinigh air. Ainmníodh sráideanna agus foirgnimh as. Scríobhadh cuid mhór leabhar faoi agus rinneadh scannáin faoi. Tugtar lá saoire speisialta sna Stáit Aontaithe ar an tríú Luan i Mí Eanáir gach bliain ina ómós. Tá sé ar na daoine is mó a bhfuil meas orthu ar domhan. Beidh cuimhne go deo ag daoine ar Martin Luther King mar fhear síochánta a fuair bás ar son a mhuintire féin agus ar son na síochána ar fud an domhain.

# MARTIN LUTHER KING



© POPPERFOTO/GETTY IMAGES






**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning